Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**10300/25**
**ADD 11**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0162(NLE)**

**AELE 53**
**CH 19**
**MI 400**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Meitheamh 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 309 iarscríbhinn |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>maidir le tabhairt i gcrích pacáiste leathain comhaontuithe chun an caidreamh déthaobhach le Cónaidhm na hEilvéise a chomhdhlúthú, a dhoimhniú agus a leathnú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 309 – Iarscríbhinn 11.

---

Encl.: COM(2025) 309 iarscríbhinn

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.6.2025
COM(2025) 309 final

ANNEX 11

**IARSCRÍBHINN**

***a ghabhann leis an***

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir le tabhairt i gcrích pacáiste leathain comhaontuithe chun an caidreamh déthaobhach le Cónaidhm na hEilvéise a chomhdhlúthú, a dhoimhniú agus a leathnú**

PRÓTACAL

IDIR AN tAONTAS EORPACH

AGUS CÓNAIDHM NA hEILVÉISE

MAIDIR LE COMHAR PARLAIMINTEACH

TÁ AN tAONTAS EORPACH (dá ngairtear ‘an tAontas’ anseo feasta),

agus

CÓNAIDHM NA hEILVÉISE (dár ngairtear ‘an Eilvéis’ anseo feasta),

dá ngairtear ‘na Páirtithe Conarthacha’ anseo feasta,

I bhFIANAISE na ndlúthnasc frithpháirteach eatarthu bunaithe ar a ngaireacht, ar a luachanna comhroinnte agus ar chultúr coiteann na hEorpa, chomh maith leis an bhfíoras go bhfuil a ngeilleagair idirnasctha go mór ó thaobh trádála agus infheistíochtaí de,

AG COMHROINNT an chuspóra maidir le rannchuidiú le feidhmiú rianúil agus forbairt leanúnach na comhpháirtíochta cuimsithí idir an tAontas agus an Eilvéis a mhéid is féidir,

AG CUR IN IÚL gur díol sásaimh dóibh gur tugadh an chaibidlíocht maidir leis an bpacáiste déthaobhach leathan chun a gcaidreamh a chobhsú agus a fhorbairt i gcrích i mí na Nollag 2024,

ÓS MIAN LEO rannchuidiú leis an gcomhar idir Parlaimint na hEorpa agus Tionól Cónaidhme na hEilvéise a threisiú,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

AIRTEAGAL 1

Bunaítear Comhchoiste Parlaiminteach leis seo. Rannchuideoidh sé, trí idirphlé agus trí dhíospóireacht, le tuiscint níos fearr idir na Páirtithe Conarthacha ar an bpacáiste déthaobhach leathan agus ar an bhforbairt bhreise a d'fhéadfaí a dhéanamh ar a gcaidreamh déthaobhach.

AIRTEAGAL 2

Beidh an Comhchoiste Parlaiminteach comhdhéanta, ina líon comhionann, de chomhaltaí de Pharlaimint na hEorpa agus de chomhaltaí de Thionól Cónaidhme na hEilvéise. Sonrófar líon iomlán chomhaltaí an Chomhchoiste Pharlaimintigh ina rialacha nós imeachta.

AIRTEAGAL 3

Tiocfaidh an Comhchoiste Parlaiminteach le chéile gach re seach san Aontas agus san Eilvéis uair sa bhliain ar a laghad.

AIRTEAGAL 4

Ar bhunú an Chomhchoiste Pharlaimintigh:

(a) féadfaidh sé faisnéis ábhartha maidir le cur chun feidhme aon chomhaontaithe atá mar chuid den phacáiste déthaobhach leathan, chomh maith le cur chun feidhme aon chomhaontaithe dhéthaobhaigh a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo i réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach, a iarraidh ar na Páirtithe Conarthacha, a sholáthróidh an fhaisnéis a iarrfar don Choiste sin ina dhiaidh sin;

(b) cuirfear ar an eolas é ar bhonn tráthrialta faoi chinntí agus moltaí na gComhchoistí arna mbunú le haon chomhaontú ar cuid den phacáiste déthaobhach leathan é agus le haon chomhaontú déthaobhach a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo i réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach; agus

(c) féadfaidh sé moltaí a chur faoi bhráid na bPáirtithe Conarthacha.

AIRTEAGAL 5

Glacfaidh an Comhchoiste Parlaiminteach a rialacha nós imeachta le tromlach dhá thrian de chomhaltaí an choiste sin.

AIRTEAGAL 6

1. Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha an Prótacal seo a dhaingniú nó a fhormheas i gcomhréir lena nósanna imeachta féin. Tabharfaidh gach Páirtí Conarthach fógra don Pháirtí Conarthach eile faoi chur i gcrích na nósanna imeachta inmheánacha is gá do theacht i bhfeidhm an Phrótacail seo.

2. Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm an chéad lá den dara mí tar éis an fhógra dheireanaigh de bhun mhír 1.

AIRTEAGAL 7

Féadfar an Prótacal seo a leasú tráth ar bith trí chomhaontú frithpháirteach na bPáirtithe Conarthacha.

Féadfaidh gach Páirtí Conarthach an Prótacal seo a fhoirceannadh tráth ar bith trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Pháirtí Conarthach eile trí bhealaí taidhleoireachta. Beidh feidhm leis an bhfoirceannadh 3 mhí tar éis an fógra sin a fháil.

Arna dhéanamh [i/in/sa/san [áit]], an [dáta], i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus tá gach téacs díobh barántúil.

Á FHIANÚ SIN, chuir na daoine thíos-sínithe, agus údar cuí acu chuige sin, a lámh leis an bPrótacal seo.

Thar ceann an Aontais Eorpaigh

Thar cheann Chónaidhm na hEilvéise